

An Cigire Ceantair Carney (sa lár, chun tosaigh) lena chuid fear, an Gort, Contae na Gaillimhe, 1921
District Inspector Carney (front centre) with his men, Gort, Co. Galway, 1921

# MICHAEL JOHN CARNEY 1887-1975

## UIMH. RIC 62529

Rugadh Michael J. Carney i gCeapach Laithín, Contae Thiobraid Árann ar 18 Iúil 1887. Mar a rinne a athair roimhe, chuaigh sé isteach i gConstáblacht Ríoga na hÉireann in aois a 19 mbliana i mí Aibreáin, 1907.



Michael Carney (éadaí sibhialta air) le fir a bhfuil a n-éide thráthnóna orthu
Michael Carney (civilian clothes) with men in their dress uniforms

D'obair Michael ar dtús i gContae na Gaillimhe, agus i ndiaidh dó ardú céime a fháil go Sairsint Ghníomhach in 1914, aistríodh go Cathair é i gContae Thiobraid Árann. Is ansin a casadh a ghrá geal air, Edith Kenny, iníon póilín. Go gairid i ndiaidh don bheirt acu casadh ar a chéile, leath an Cogadh Mór san Eoraip. Mar a tharla i gcás constáblaí eile, mhothaigh Michael go raibh sé de dhualgas air dul i mbun troda, agus liostáil sé i Reisimint Ríoga na hÉireann.

Pósadh Michael agus Edith ar a chéile i mí na Nollag, 1916. Cuireadh Michael chun na Fraince an mhí chéanna chun dul i mbun seirbhíse. D'fhill sé ar an mbaile ar feadh seala i mí na Nollag 1917. Rugadh an chéad duine clainne ag muintir Uí Chearnaigh agus Michael sa Fhrainc. Tháinig sé ar ais go hÉirinn in 1919 agus chuaigh sé isteach san RIC arís. Bhain sé amach céim Chigire Ceantair agus é ar dualgas i nGort Inse Guaire, Contae na Gaillimhe. I ndiaidh go ndearnadh an RIC a dhíscor in 1922, cháiligh Michael Carney mar chuntasóir agus d'aistrigh sé lena bhean agus lena gclann go Baile Átha Cliath. Fuair sé bás i mí na Nollag, 1975.

# MICHAEL JOHN CARNEY 1887-1975

## RIC NO. 62529

Michael J. Carney was born in Cappalahan, County Tipperary on 18 July 1887. At the age of 19 he followed in his father's footsteps and joined the Royal Irish Constabulary in April, 1907.

Michael first served in County Galway and, after promotion to Acting Sergeant in 1914, he was transferred to Cahir in County Tipperary. There he met and fell in love with Edith Kenny, the daughter of a policeman. Shortly after his meeting Edith, the Great War engulfed Europe. Like many constables, Michael felt duty bound to fight and enlisted in the Royal Irish Regiment.



Lá pósta Michael agus Edith Carney, Nollaig, 1916
Michael and Edith Carney's wedding day, December, 1916

Michael and Edith married in December, 1916. That same month Michael was sent to France on active service, returning on leave in December 1917 for a time. The Carneys' first child was born while Michael was fighting in France. Michael eventually returned to Ireland in 1919 and rejoined the RIC, reaching the rank of District Inspector while posted in Gort, County Galway. Following the disbandment of the RIC in 1922, Michael Carney qualified as an accountant and moved with his wife and children to Dublin. He died in December, 1975.